C/2024/1783

22.3.2024

P9_TA(2023)0311

Comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2023 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle Eorpach lena mbunaítear comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa (00013/2023 – C9-0319/2023 – 2023/0900(NLE))

(Toiliú)

(C/2024/1783)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle Eorpach (00013/2023),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 14(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (C9-0319/2023),

— ag féachaint do rún uaithi an 15 Meitheamh 2023 maidir le comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa agus dá togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle Eorpach atá i gceangal leis ([1]),

— ag féachaint dá ráiteas atá i gceangal leis an rún seo,

— ag féachaint do Riail 90 agus Riail 105(1) agus (4) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla (A9-0265/2023),

1. ag tabhairt a toilithe don dréachtchinneadh ón gComhairle Eorpach;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Eorpach agus, mar eolas, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

([1]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0243.

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

Ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa

Tá an dréachtchinneadh maidir le comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa gan dochar do shainchúraim Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle sa nós imeachta buiséadach bliantúil agus baineann Aithris 5 den dréachtchinneadh sin le hábhair nach dtagann faoi raon feidhme inniúlachtaí na Comhairle Eorpaí faoi Airteagal 15(1) CAE agus bhunús dlí Airteagal 14(2) CAE. Is faoi Pharlaimint na hEorpa agus faoin gComhairle amháin atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le hinneachar bhuiséad an Aontais i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos le hAirteagal 314 CFAE.